Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Samhain 2022
(OR. en)

12787/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0249 (NLE)

PECHE 352

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an bPrótacal a thabhairt i gcrích lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022-2026) |

**CINNEADH …/… (AE) ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an bPrótacal a thabhairt i gcrích lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022-2026)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43, i gcomhar le hAirteagal 218(6), pointe (a)(v), agus Airteagal 218(7), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tugadh i gcrích an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís[1] ('an Comhaontú') le Cinneadh 2014/146/AE ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 28 Eanáir 2014.

(2) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/… ón gComhairle[3+], síníodh an Prótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022-2026) ('an Prótacal') an …[++], faoi réir a thabhairt i gcrích dáta is faide anonn.

(3) Is é is cuspóir don Phrótacal é a chur ar a gcumas don Aontas agus d'Oileán Mhuirís a bheith in ann oibriú níos dlúithe le chéile chun an comhar a chur chun cinn i réimsí an gheilleagair mhuirí, an dobharshaothraithe, fhorbairt inbhuanaithe na n-aigéan, na pleanála spásúla muirí, an fhuinnimh mhuirí agus na muirthimpeallachta, agus fhorbairt an bheartais mhuirí agus an gheilleagair ghoirm, agus ag an am céanna cur le dálaí oibre cuibhiúla in earnáil an iascaigh.

(4) Ba cheart an Prótacal a fhormheas.

---

[1] IO L 79, 18.3.2014, lch. 3.

[2] Cinneadh 2014/146/AE ón gComhairle an 28 Eanáir 2014 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (IO L 79, 18.3.2014, lch. 2).

[3] Cinneadh (AE) 2022/… ón gComhairle an … 2022 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, cur chun feidhme chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022-2026) (IO L ..., ..., lch. ...).

[+] IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta ghlactha an chinnidh in ST 12752/22 agus comhlánaigh an fonóta lena bhaineann.

[++] IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Phrótacail in ST 12785/22.

(5) Le hAirteagal 9 den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe. Thairis sin, de bhun an Phrótacail, féadfaidh an Comhchoiste leasuithe áirithe ar an bPrótacal a fhormheas. Ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais maidir le leasuithe atá beartaithe ar an bPrótacal a bhunú. Ba cheart na leasuithe atá beartaithe a fhormheas ach amháin i gcás ina ndéanann mionlach blocála de na Ballstáit agóid ina n-aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] agus thug an Maoirseoir tuairim an 24 Deireadh Fómhair 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Prótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (2022-2026) a fhormheas thar ceann an Aontais.[1+]

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán an Chomhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 19 den Phrótacal, d'fhonn toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an bPrótacal a chur in iúl.

*Airteagal 3*

I gcomhréir leis na forálacha agus na coinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, údarófar an Coimisiún leis seo, thar ceann an Aontais, leasuithe ar an bPrótacal arna nglacadh ag an gComhchoiste arna bhunú le hAirteagal 9 den Chomhaontú a fhormheas.

---

1 Foilsítear téacs an Phrótacail in...

+ IO: comhlánaigh an fonóta, le do thoil, leis an tagairt d'fhoilsiú an Phrótacail in ST 12785/22.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN

AN NÓS IMEACHTA UM FHORMHEAS A DHÉANAMH AR NA LEASUITHE AR AN bPRÓTACAL ATÁ LE GLACADH AG AN gCOMHCHOISTE

I gcás ina n-iarrfar ar an gComhchoiste leasuithe ar an bPrótacal lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Oileán Mhuirís (an 'Prótacal'),a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 11 (3) nó Airteagal 12 (1), (2), (3) nó (4) den Phrótacal cumhachtófardon Choimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais, faoi na coinníollacha seo a leanas:

1. Maidir leis an bhformheas a dhéanfar thar ceann an Aontais, áiritheoidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

   (a) go mbeidh sé i gcomhréir le cuspóirí an chomhbheartais iascaigh;

   (b) go mbeidh sé comhsheasmhach leis na rialacha ábhartha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh agus go gcuirfear san áireamh ann comhbhainistíocht arna déanamh ag Stáit chósta;

   (c) go gcuirfear san áireamh ann an fhaisnéis staidrimh, an fhaisnéis bhitheolaíoch agus an fhaisnéis ábhartha eile is déanaí a cuireadh chuig an gCoimisiún.

2. Sula ndéanfaidh an Coimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais, cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle iad in am trátha roimh chruinniú ábhartha an Chomhchoiste.

3. Déanfaidh an Chomhairle measúnú féachaint an gcomhlíontar na critéir a leagtar síos i bpointe 1 leis na leasuithe atá beartaithe.

4. Mura ndéanfaidh líon áirithe Ballstát agóid i gcoinne na leasuithe atá beartaithe, líon is comhionann le mionlach blocála na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, formheasfaidh an Coimisiún thar ceann an Aontais iad. Má tá mionlach blocála den sórt sin ann, diúltóidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, do na leasuithe atá beartaithe.

5. Más rud é, le linn cruinnithe den Chomhchoiste a thionólfar ina dhiaidh sin, nach féidir teacht ar chomhaontú, lena n-áirítear comhaontú ar an láthair, cuirfear an cheist ar ais chuig an gComhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach i bpointí 2, 3 agus 4, chun go gcuirfear tosca nua san áireamh i seasamh an Aontais.

6. Iarrtar ar an gCoimisiún aon bheart is gá a dhéanamh, in am trátha, chun obair leantach a dhéanamh ar chinneadh an Chomhchoiste, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an cinneadh ábhartha a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus aon togra is gá le haghaidh chur chun feidhme an chinnidh sin a thíolacadh.

A mhéid a bhaineann le hábhair eile nach mbaineann le leasuithe ar an bPrótacal i gcomhréir le hAirteagal 11(3) nó Airteagal 12(1) (2) (3) nó (4) de, déanfar an seasamh atá le glacadh ag an Aontas sa Chomhchoiste a chinneadh i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cleachtais oibre sheanbhunaithe.